CONAS A CUIREADH AN PLEAN LE CHÉILE

Cuireadh an plean seo le chéile agus aitheantas á thabhairt do riachtanais an Acht um Rialtas Áitiúil 2001 agus na treoirlínte a leagadh amach d'Údaráis Áitiúla in ullmhú na bPleananna Corporáideacha 2004 – 2009.

Bunaíodh coiste stiúrtha de lucht sinsearach bainistíochta chun an réamhullmhúchán a dhéanamh in Eanáir 2004. Tar éis dúinn comhairle a lorg ónár bpáirtithe leasmhara agus scrúdú a dhéanamh ar an dtimpeallacht sheachtrach forbraíodh 10 bpáipéar oibre:

1&2. SWOT 2005 – 2009 – Foireann - Páirtnéireacht
3. Maoiniú
4. Tomhaltas / An Duine / Custaiméir
5. Iomaíocht, Feabhas ar Rialtas Áitiúil, Pá, Feidhmíocht agus Tagarmharcáil
6. Creatlach do Pholasaí Mhacra-Fhorbairt
7. Cúlra Eacnamaíochta
8. Deiseanna TFC do Chomhairle Cathrach Chorcaí
9. Cuimsitheacht Shóisialta
10. Caighdeán Maireachtála

D'eascair 4 sprioc corporáideacha na heagraíochta as na páipéir oibre sin.
Ceannasaíocht Cathrach, Forbairt na Cathrach, Seirbhís den Scoth, Naisc a Chruthú.

Léiríonn na spriocanna corporáideacha an t-eolas a fuarthas ó chomhairle lenár bpáirtithe leasmhara. Tugann na spriocanna seo fócas don eagraíocht ar an mbealach ina gcuirimid struchtúr ar ár seirbhísí, laistigh de na paraiméadair leagtha amach ag ár mBunphrionsabail Eagraíochta agus Caighdeáin Chorporáideacha.

Scaipeadh na spriocanna corporáideacha seo ar lucht na bainistíochta sinsirigh. Bunaíodh meithil ansin i ngach réimse chun aidhmeanna a leagan amach don tréimhse go 2009, maidir lena réimse féin agus ansin chun na haidhmeanna aonaracha sin a nasc leis na spriocanna corporáideacha. Chinntigh seo go mbeadh na haidhmeanna aonaracha i gcomhréir lena chéile agus ag cloí le haidhmeanna na spriocanna corporáideacha.

Deineadh suirbhéanna ar chustaiméirí i rith na bliana freisin. Deineadh suirbhé d'úsáideoirí i mí Lúnasa/Meán Fómhair 2004 agus comhairle leis an bhfoireann i mí Meán Fómhair. Baineadh úsáid as torthaí na suirbhéanna seo sa phróiséas agus bainfear úsáid astu in ullmhúchán agus forbairt ár bPlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí.

Chomh maith leis an bPlean Corporáideach, déanfaidh gach Stiúrthóireacht/Feidhm Pleananna Bliantúla Gníomhaíochta a fhorbairt chun cuidiú le monatóireacht agus cur i bhfeidhm na ngníomhartha a leagtar amach sa phlean seo.
Ag cruinniú den Ghrúpa Polasaí Corporáideach a tionóladh ar 1 Samhain 2004, cinníodh an Dréacht-Phlean Corporáideach 2004-2009 a ullmhú do bhreithniú na Comhairle. Tionóladh cruinniú speisialta den Chomhairle Dé Luain 22 Samhain 2004 chun an Dréacht-Phlean Corporáideach 2004-2009 a bhreithniú. I ndiaidh plé, aontaíodh an Dréacht-Phlean a mholadh, agus athruithe aontaithe san áireamh, do chruinniú iomlán den Chomhairle le go nglacfaí leis.

Dé Luain 22 Samhain 2004 glacadh go foirmeálta leis an Dréacht-Phlean Corporáideach 2004-2009, agus na hathruithe a haontaíodh ag an gcruinniú speisialta san áireamh.